Téipscript

Topaic: **An Tuismitheoir**
Fothopaic: **An saol oibre – *au pair***
Cainteoir: **Edel Ní Bhriain**

Tá *au pair* againn darb ainm Macarena. Is as an Spáinn í. Is cailín an-an-an-deas í. Tá an t-ádh dearg linn go bhfuil sí chomh cabhrach sin. *So* tá an-chuid, is dócha, cúraimí uirthi. An chéad rud a dhéanann sí ar maidin ná go ndúisíonn sí na páistí. Agus ansin ullmhaíonn sí an bricfeasta dóibh. Cad eile a dhéanann sí? Glanann sí an chistin nuair atá an bricfeasta ite acu. Ansin timpeall ar 8.20 tiomáineann sí na páistí ar scoil. Agus bíonn sos aici ansin ar feadh trí huaire an chloig. Ansin ag leath i ndiaidh a dó dhéag bailíonn sí Aoileann i dtosach agus ansin na leaids tar éis scoile. Cabhraíonn sí leo, más gá, leis an obair bhaile. Uaireanta cabhraíonn sí le hobair an tí ach ní bhíonn mórán gá leis sin. Agus tá sí ana-chabhrach. Réitímid go hiontach léi. Freastalaíonn sise ar ranganna dhá oíche sa tseachtain agus tá ana-chuid cairde déanta aici agus buaileann sí leo go minic agus téann siad go lár na cathrach. Nó imíonn siad ar thurasanna nó féachann siad ar na suíomhanna atá ar fud na cathrach agus buaileann siad le cairde eile atá ag obair mar *au pair* anseo freisin.

Nótaí:

- Is iad ‘turais’ agus ‘suímh’ na leaganacha caighdeánacha, de ‘turasanna’ agus ‘suíomhanna’.